25 FEÁR NA PLAITE AGUS A BHEAN

Bhí fear ann fadó agus ní raibh ribe gruaige ar mhullach a chinn - fear na plaite. Ní raibh dúil ar bith ag a bhean ann de bhrí go raibh sé maol. Bhí náire uirthi dá bharr agus bhí sí i gcónaí ag tathaint air leigheas d'fháil agus é bheith chomh plaiteach agus a bhí. Bhí sé mar cheap magaidh sa cheantar máguaird.

Dhiúltaigh sé leigheas a ghlacadh, é sásta ann féin lena phlaiteacht.

Maidin Domhnaigh d'imigh sé chun aifreann. Agus é bheith ann bhí bean a' tí an-mhór le seirbhíseach sa bhaile. Nuair a chonaic sé a fear chéile ag filleadh abhaile shleamhnaigh sé amach bóithrín eile. Shuigh fear na plaite síos agus thit toirt mór allais as a cheann maol.

Chuir a bhean ar an eolas é go raibh fear agus an leigheas aige don plaiteacht nach raibh ach seacht míle uatha. D'aontaigh sé go rachadh sé chuige cé go raibh leisce air taistil.

Bhuail sé le cara ar an mbóthar agus d'inis dó cá raibh a thriail. Dúirt an fear eile nach raibh a leithéid ann agus chomhairligh sé dó filleadh abhaile.

Bhí an seirbhíseach istigh agus é an-mhór le bean a' tí. Chonaic sí a fear chéile ag druidim isteach. Chomhairligh sí don seirbhíseach gabháil suas ar an lota agus fanacht ann go dtabharfadh sí an nod dó. D'inis sí dá fear chéile go raibh sí tar éis teacht ar an leigheas idir an dá linn. D'aontaigh sé ar triail a bhaint as. Chuaigh sé ar a ghlúine roimpi. Thosaigh sí ar rann a chumadh,

'Tar Dé Luain nó Dé Máirt

Neart gan cheart, neart gan cheart'. Ghlac an seirbhíseach an nod agus an chuireadh ar ais!

Cheap fear na plaite go raibh sí ag iarraidh an ghruaig a spreagadh. Níor fhás ribe Dé Luain nó Dé Máirt, nó choíche. Lean a bhean ag magadh faoi.